Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10815/22**

**SAN 424**
**MI 528**
**COMPET 560**
**FISC 149**
**DELACT 105**
**UD 134**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 29 Meitheamh 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 4367 final |
| Ábhar: | TREOIR THARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 29.6.2022 lena leasaítear Treoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díolúintí áirithe a tharraingt siar i ndáil le táirgí tobac téite |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 4367 final.

---

Faoi iamh: C(2022) 4367 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.6.2022
C(2022) 4367 final

**TREOIR THARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 29.6.2022**

**lena leasaítear Treoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díolúintí áirithe a tharraingt siar i ndáil le táirgí tobac téite**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is aidhm do Threoir 2014/40/AE[1] feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh do thobac agus do tháirgí gaolmhara a éascú, agus ardleibhéal cosanta sláinte mar bhonn aige, go háirithe do dhaoine óga. Faoi Airteagal 7(12) de Threoir 2014/40/AE, tá gach táirge tobac seachas toitíní agus tobac rollta díolmhaithe ó na toirmisc ar tháirgí tobac a bhfuil sainbhlas orthu nó a bhfuil blastáin in aon cheann dá gcomhchodanna iontu nó a bhfuil gnéithe teicniúla áirithe acu a chur ar an margadh. Ar bhonn athrú suntasach ar chúinsí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(28) de Threoir 2014/40/AE, arb é atá ann méadú suntasach ar mhéideanna díolacháin táirgí tobac téite, baintear an díolúine sin maidir le táirgí tobac téite leis an Treoir Tarmligthe seo. Ar an bhforas céanna, leis an Treoir Tarmligthe, baintear an deis atá ag na Ballstáit díolúintí do tháirgí tobac téite a dheonú ó na ceanglais maidir le lipéadú dá dtagraítear in Airteagal 9(2) agus in Airteagal 10 de Threoir 2014/40/AE.

Freagraíonn an Treoir Tarmligthe seo d’oibleagáidí an Choimisiúin faoi Airteagal 7(12) agus Airteagal 11(6) de Threoir 2014/40/AE maidir leis an toirmeasc ar tháirgí tobac a chur ar an margadh a bhfuil sainbhlas orthu nó a bhfuil blastáin in aon cheann dá gcomhchodanna iontu nó a bhfuil gnéithe teicniúla áirithe acu (atá ann cheana do thoitíní agus do thobac rollta) a leathnú go táirgí tobac téite agus chun deireadh a chur leis an deis atá ag na Ballstáit díolúintí ar na táirgí sin a dheonú ó na ceanglais lipéadaithe a leagtar síos in Airteagal 9(2) agus in Airteagal 10 de Threoir 2014/40/AE.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Úsáideadh raon leathan foinsí sonraí chun a shuíomh gur sroicheadh na tairseacha dá dtagraítear in Airteagal 2(28) de Threoir 2014/40/AE. Déantar achoimre ar na foinsí sonraí sin sa Tuarascáil maidir le hathrú suntasach ar na cúinsí do chatagóirí táirgí tobac téite a bhunú[2]. Le hAirteagal 7(12) agus Airteagal 11(6) de Threoir 2014/40/AE, ní thugtar rogha don Choimisiún ach fágtar an cúram teicniúil air a shuí ar tháinig athrú suntasach ar na cúinsí do chatagóir táirgí ar leith, rud a fhágann go bhfuil toirmeasc ar tháirgí tobac a chur ar an margadh a bhfuil sainbhlasanna orthu nó a bhfuil blastáin in aon cheann dá gcomhchodanna iontu nó a bhfuil gnéithe teicniúla áirithe acu, a leathnaíonn go dtí an catagóir áirithe táirgí sin agus an deis atá ag na Ballstáit díolúintí a thabhairt ó cheanglais áirithe lipéadaithe don chatagóir táirge sin a bhaint. Tá an rogha beartais déanta cheana féin ag reachtas an Aontais i dTreoir 2014/40/AE féin (féach freisin aithris 19 agus aithris 26 den Treoir sin) chun cosc a chur ar tháirgí tobac a bhfuil sainbhlasanna orthu a chur ar an margadh, d’fhonn ardleibhéal cosanta sláinte a bhaint amach do dhaoine óga. Chuathas i gcomhairle leis an ‘Grúpa saineolaithe um beartas tobac’ agus chuir sé comhairle ar fáil maidir leis an Treoir Tharmligthe seo.

---

1 Treoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialachán agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le monarú, cur i láthair agus díol táirgí tobac agus táirgí gaolmhara agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/37/CE (IO L 127, 29.4.2014, lch. 1).

2 Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le hathrú suntasach ar na cúinsí do tháirgí tobac téite a shuí i gcomhréir le Treoir 2014/40/AE, COM/2022/279 final.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 7(1) agus (7) de Threoir 2014/40/AE, toirmisctear táirgí tobac a chur ar an margadh a bhfuil sainbhlas orthu nó a bhfuil blastáin in aon cheann dá gcomhchodanna iontu amhail scagairí, páipéir, pacáistí, capsúil nó aon ghnéithe teicniúla lenar féidir modhnú a dhéanamh ar a mboladh nó ar a mblas nó ar a ndéine deataigh. De réir Airteagal 7(12) de Threoir 2014/40/AE, beidh táirgí tobac seachas toitíní agus tobac rollta díolmhaithe ó na toirmisc sin. Leis an mír sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena n-aistarraingeofar an díolúine sin i gcás catagóire áirithe táirgí, má thagann athrú suntasach ar na himthosca mar a leagadh síos i dtuarascáil ón gCoimisiún.

Le hAirteagal 11(1) de Threoir 2014/40/AE, ceadaítear do na Ballstáit táirgí tobac lena chaitheamh seachas toitíní, tobac rollta agus tobac píopa uisce a dhíolmhú ó na hoibleagáidí an teachtaireacht faisnéise a leagtar síos in Airteagal 9(2) agus na rabhaidh sláinte chomhcheangailte a leagtar síos in Airteagal 10 a chur in iúl. Ceanglaítear le hAirteagal 11(6) de Threoir 2014/40/AE ar an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena dtarraingeofaí siar an deis atá ann díolúintí a dheonú le haghaidh aon cheann de na catagóirí táirgí ar leith dá dtagraítear in Airteagal 11(1) má thagann athrú substaintiúil ar na himthosca mar a suíodh i dtuarascáil ón gCoimisiún le haghaidh na catagóire táirgí lena mbaineann.

Sainmhínítear in Airteagal 2(28) de Threoir 2014/40/AE ‘athrú substaintiúil ar dhálaí’ mar mhéadú 10 % ar a laghad ar na méideanna díolachán de réir catagóir táirgí i gcúig Bhallstát ar a laghad, bunaithe ar shonraí díolachán arna dtarchur i gcomhréir le hAirteagal 5(6) nó méadú ar leibhéal leitheadúlacht úsáide an ghrúpa tomhaltóirí faoi bhun 25 bliana d’aois, faoi chúig phointe céatadáin ar a laghad i gcúig Bhallstát ar a laghad don chatagóir táirgí faoi seach, bunaithe ar thuarascáil Eorabharaiméadar Speisialta 385, Bealtaine 2012 nó ar staidéir leitheadúlachta choibhéiseacha. De réir na forála sin, meastar nár tharla athrú substaintiúil ar dhálaí mura mbíonn méid díolachán na catagóire táirgí ar an leibhéal miondíola níos mó ná 2,5 % de dhíolachán iomlán táirgí tobac ar leibhéal an Aontais.

Suitear sa Tuarascáil maidir le hathrú suntasach ar na cúinsí do tháirgí tobac téite a shuí gur comhlíonadh na tairseacha sin maidir le táirgí tobac téite agus, dá bhrí sin, go bhfuil athrú suntasach tagtha ar na cúinsí a bhaineann leis an gcatagóir táirgí áirithe sin. Dá bhrí sin, de bhun Airteagal 7(12) agus Airteagal 11(6) de Threoir 2014/40/AE, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe lena mbainfear an díolúine ó na toirmisc atá in Airteagal 7(1) agus (7) de Threoir 2014/40/AE maidir le táirgí tobac téite, agus an deis atá ag na Ballstáit díolúintí a dheonú maidir le táirgí tobac téite ó na ceanglais lipéadaithe a leagtar síos in Airteagal 9(2) agus Airteagal 10 de Threoir 2014/40/AE.

**TREOIR THARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 29.6.2022**

**lena leasaítear Treoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díolúintí áirithe a tharraingt siar i ndáil le táirgí tobac téite**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le monarú, cur i láthair agus díol táirgí tobac agus táirgí gaolmhara agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/37/CE[1], agus go háirithe Airteagal 7(12) agus 11(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 7(1) agus (7) de Threoir 2014/40/AE cuirtear toirmeasc ar tháirgí tobac a chur ar an margadh a bhfuil sainbhlas orthu agus táirgí tobac a bhfuil blastáin in aon cheann dá gcomhchodanna iontu amhail scagairí, páipéir, pacáistí, capsúil nó aon ghnéithe teicniúla lenar féidir modhnú a dhéanamh ar a mboladh nó ar a mblas nó ar a ndéine deataigh.

(2) De bhun Airteagal 7(12) de Threoir 2014/40/AE, tá táirgí tobac seachas toitíní agus tobac rollta díolmhaithe ó na toirmisc a leagtar síos i mír 1 agus i mír 7.

(3) Le hAirteagal 11(1) de Threoir 2014/40/AE, ceadaítear do na Ballstáit táirgí tobac lena chaitheamh seachas toitíní, tobac rollta agus tobac píopa uisce a dhíolmhú ó na hoibleagáidí an teachtaireacht faisnéise a leagtar síos in Airteagal 9(2) agus na rabhaidh sláinte chomhcheangailte a leagtar síos in Airteagal 10 a chur in iúl.

(4) Is táirge tobac núíosach é táirge tobac téite a théitear chun astaíocht a tháirgeadh ina bhfuil nicitín agus ceimiceáin eile, a ionanálaíonn an t-úsáideoir/na húsáideoirí ansin agus, ag brath ar a shaintréithe, ar táirge tobac gan toit nó táirge tobac é lena chaitheamh.

(5) Shuigh an Coimisiún sa Tuarascáil maidir le hathrú suntasach ar na cúinsí do tháirgí tobac téite[2] gur tháinig athrú suntasach ar na cúinsí a bhaineann le táirgí tobac téite. Cuirtear faisnéis agus staidreamh ar fáil sa Tuarascáil maidir le forbairtí sa mhargadh a léiríonn go raibh méadú 10 % ar a laghad ar dhíolachán táirgí tobac téite i gcúig Bhallstát ar a laghad agus gur mhó méid díolacháin táirgí tobac téite ar an leibhéal miondíola ná 2,5 % de dhíolacháin iomlána táirgí tobac ar leibhéal an Aontais.

(6) I bhfianaise an athraithe shuntasaigh sin ar imthosca maidir le táirgí tobac téite, ba cheart Airteagal 7(12) de Threoir 2014/40/AE a leasú d'fhonn síneadh a chur leis an

[1] IO L 127, 29.4.2014, lch. 1.

[2] Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le hathrú suntasach ar na cúinsí do tháirgí tobac téite a shuí i gcomhréir le Treoir 2014/40/AE, COM/2022/279 final.

toirmeasc ar tháirgí tobac a chur ar an margadh a bhfuil sainbhlas orthu, nó a bhfuil blastáin in aon cheann dá gcomhchodanna iontu, amhail scagairí, páipéir, pacáistí, capsúil nó gnéithe teicniúla lenar féidir modhnú a dhéanamh ar a mboladh nó ar a mblas nó ar a ndéine deataigh, ar táirgí iad atá ann cheana do thoitíní agus tobac rollta, i gcás táirgí tobac téite.

(7) Ar na forais chéanna, ba cheart Airteagal 11(1) de Threoir 2014/40/AE a leasú d'fhonn an deis atá ag na Ballstáit díolúintí maidir le táirgí tobac téite a dheonú, sa mhéid gur táirgí tobac iad lena gcaitheamh, ó na hoibleagáidí an teachtaireacht faisnéise a leagtar síos in Airteagal 9(2) agus na rabhaidh chomhcheangailte sláinte a leagtar síos in Airteagal 10 a chur in iúl, an deis sin a tharraingt siar.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2014/40/AE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Threoir 2014/40/AE**

Leasaítear Treoir 2014/40/AE mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7(12):

'Beidh táirgí tobac seachas toitíní, tobac rollta agus táirgí tobac téite díolmhaithe ó na toirmisc atá leagtha síos i míreanna 1 agus 7. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 27 chun an díolúine sin a tharraingt siar i gcás catagóire áirithe táirgí, má thagann athrú substaintiúil ar na himthosca mar a suíodh i dtuarascáil ón gCoimisiún.

Chun críocha na chéad fhomhíre, ciallaíonn 'táirge tobac téite' táirge tobac núíosach a théitear chun astaíocht a tháirgeadh ina bhfuil nicitín agus ceimiceáin eile, a ionanálaíonn an t-úsáideoir/na húsáideoirí ansin, agus, ag brath ar a shaintréithe, ar táirge tobac gan toit nó táirge tobac é lena chaitheamh.'

(2) Leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

'Lipéadú táirgí tobac lena gcaitheamh seachas toitíní, tobac rollta, tobac píopa uisce agus táirgí tobac téite';

(b) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Féadfaidh Ballstáit táirgí tobac lena gcaitheamh seachas toitíní, tobac rollta, tobac píopa uisce agus táirgí tobac téite mar a shainmhínítear iad sa dara fomhír d'Airteagal 7(12), a dhíolmhú ó na hoibleagáidí an teachtaireacht faisnéise atá leagtha síos in Airteagal 9(2) agus na rabhaidh sláinte chomhcheangailte a leagtar síos in Airteagal 10 a chur in iúl. Sa chás sin, agus sa bhreis ar an rabhadh ginearálta dá bhforáiltear in Airteagal 9(1), beidh ceann de na rabhaidh téacs a liostaítear in Iarscríbhinn I ar gach aonad-phaicéad agus ar aon phacáistiú lasmuigh de na táirgí sin. Áireofar sa rabhadh ginearálta a shonraítear in Airteagal 9(1) tagairt do na seirbhísí scoir dá dtagraítear in Airteagal 10(1), pointe (b).'

*Airteagal 2*

**Trasuí**

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú laistigh de ... [*8 mí ar a dhéanaí tar éis an teacht i bhfeidhm*]. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

   Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón ... [*11 mhí tar éis an teacht i bhfeidhm*].

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

**Seolaithe**

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29.6.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*